

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 423 A



An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

7 Samhain 2022

Clár

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Chúirt Iniúchóirí

2022/C 423 A/01

Fógra folúntais CIE/2022/20 — Stiúrthóir — aon phost amháin (Feidhmghrúpa AD, grád 14) —
Faisnéis, Ionad oibre agus Nuálaíocht (SG2) 1

GA

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

FÓGRA FOLÚNTAIS CIE/2022/20

Stiúrthóir — aon phost amháin (Feidhmghrúpa AD, grád 14)

Faisnéis, Ionad oibre agus Nuálaíocht (SG2)

(2022/C 423 A/01)

CÉ MUID FÉIN

Bunaíodh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) in 1975 mar iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh. Is ceann de sheacht n-institiúid an Aontais Eorpaigh í an Chúirt. Tá sí lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 duine, de gach náisiúntacht den Aontas, fostaithe ar an bhfoireann iniúchóireachta, tacaíochta agus riaracháin.

Feidhmíonn CIE mar chomhlacht coláisteach ina bhfuil 27 gComhalta, le comhalta amháin ann as gach Ballstát den Aontas. Seiceálann ár n-iniúchóirí go bhfuil cuntais mhaithe á gcoinneáil ag an Aontas, go bhfuil na rialacha airgeadais á gcur i bhfeidhm i gceart aige agus go bhfuil beartais agus clár an Aontais ag baint amach na gcuspóirí atá beartaithe leo agus go dtugann siad luach ar airgead i gcrích.

Trínár gcuid oibre, is féidir linn difear a dhéanamh trí chabhrú leis an Aontas Eorpach úsáid níos fearr a bhaint as a chuid airgid. Cabhraímid le bainistiú airgeadais an Aontais a fheabhsú agus bíonn cuntasacht agus trédhearcacht á gcur chun cinn againn. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, tarraingimid aird ar easnaimh agus scéalta rathúla agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais. Cuirimid ár mbarúlacha agus moltaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus na rialtais agus parlaimintí náisiúnta, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne.

Is eagraíocht nua-aimseartha agus fhuinniúil sinn, atá ar ár ndícheall le barr feabhais, gairmiúlacht, trédhearcacht agus ionracas a chothú agus a chur chun cinn. Breathnaímid orainn féin mar institiúid ilghnéitheach, sholúbtha agus chothromasach a thugann an deis do gach duine lántairbhe a bhaint as na buanna atá acu.

Trínár bpáirtíocht aonair agus chomhchoiteann in imeachtaí CIE agus trínár gclár oiliúna uaimhianach, tá sé mar aidhm againn áit oibre a dhéanamh den Chúirt Iniúchóirí a spreagann an éirim aigne, agus í a bheith ina heagraíocht fhoghlaim-bhunaithe a bhíonn ag brath ar eolas institiúideach agus ar dhaoine atá spreagtha agus dea-oilte chun fónamh don Aontas Eorpach agus dá shaoránaigh.

Is institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh ar scála daonna sinn: éascaíonn sé sin an t-imeascadh, cothaíonn sé idirghníomhú níos éasca agus spreagann sé obair bhuíne. Tá socruithe oibre solúbtha againn, lena n-áirítear teilea-obair. Is mór againn an éagsúlacht agus an cuimsiú, cuirimid comhionannas deiseanna chun cinn agus déanaimid deimhin de go bhfuil timpeallacht oibre ann ina dtugtar urraim do chách agus atá bunaithe ar chumarsáid oscailte, ar idirphlé agus ar mhuintín fhrithpháirteach.

Is gnéithe tábhachtacha dár mbeartais inmheánacha iad rannpháirtíocht foirne, dea-bhail na bhfostaithe agus a bheith aireach i dtaobh an chomhshaoil.

Mar chuid d'Ardrúnaíocht na Cúirte Iniúchóirí, tá ról lárnach ag an Stiúrthóireacht um Fhaisnéis, Ionad oibre agus Nuálaíocht (DIWI) i gceartfheidhmiú agus forbairt na hinstitiúide. Cuidíonn DIWI leis an gCúirt Iniúchóirí a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach trí sheirbhísí a chur ar fáil sna réimsí seo a leanas: Teicneolaíocht Faisnéise, Leabharlann agus Cartlann, Bonneagar Foirgneamh, Saoráidí agus Lóistíocht. Tá an Stiúrthóireacht freagrach freisin as inbhuanaitheacht, lena n-áirítear cur isteach ar dheimhniche comhshaoil agus iad a chothabháil.

Rannchuidíonn DIWI le haistriú digiteach na Cúirte Iniúcháirí agus nuachóirí ar a láthair oibre fhisiciúil trí fhís dhinimiciúil do thodhchaí na hoibre a chur chun feidhme bunaithe ar dhaoine agus áiteanna a chónascadh agus bainistíocht eolais a éascú. Tá ról lárnach aige maidir le cuidiú leis an gCúirt aghaidh a thabhairt ar an dúshlán dul in oiriúint don réaltacht nua híbride, le húsáid teicneolaíochtaí nua chun obair iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta san eagraíocht a nuachóiriú, le nósanna imeachta a shimpliú, agus le táirgiúlacht a mhéadú. Tá sé mar aidhm le DIWI freisin láthair oibre inbhuanaithe a áirithiú don fhoireann iomlán, le timpeallacht oibre chomhoibríoch, dírithe ar an bhfolláine, sábháilte agus neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Tá an Stiúrtóireacht comhdhéanta de thart ar 60 ball foirne inmheánacha agus tá conarthaí aici le soláthraithe seirbhíse seachtracha chun oibríochtaí a reáchtáil i ngach réimse. Tá an fhoireann bainistíochta comhdhéanta de Stiúrtóir agus triúir príomhbhainisteoirí.

A bhFUIL Á THAIRISCINT AGAINN

Tá an fógra folúntais seo á eisiúint ar bhonn Airteagal 29(1) agus (2), de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾.

Is ag grád AD 14 a earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi. Is é EUR 15 590,76 an buntuarastal míosúil. De réir na gcoinníollacha atá leagtha síos sna Rialacháin Foirne, d'fhéadfaí sochair áirithe a chur leis an mbuntuarastal, atá faoi réir cháin AE agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta.

Áirítear na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas leis an bpost:

- treo agus bainistiú straitéiseach foriomlán a chur ar fáil don Stiúrtóireacht i gcomhréir le creat rialála na Cúirte Iniúcháirí, a cuspóirí straitéiseacha agus a clár oibre bliantúil,
- plean forbartha a ullmhú don Ard-Stiúrtóireacht sna réimsí seo a leanas: bainistíocht faisnéise agus sonraí; an láthair oibre fhisiciúil; agus an inbhuanaitheacht,
- an clár oibre bliantúil a dhréachtú agus a chur chun feidhme, agus tuarascáil maidir le cur chun feidhme an chláir oibre a ullmhú,
- cainéil dea-rialtachta a chruthú chun comhar agus comhpháirtíochtaí a áirithiú le ranna agus coistí na n-institiúidí go léir,
- seirbhísí TF ardcháilíochta a sholáthar a dhaingníonn leanúnachas gnó laistigh den institiúid agus a thacaíonn lena haistriú digiteach,
- seirbhísí saoráidí ardcháilíochta a sholáthar chun dea-bhail ag an obair a chur chun cinn; áirítear leis sin formhaoirseacht a dhéanamh ar thionscadail tógála don Chúirt, agus forbairt gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta na hinstitiúide a chomhordú, i gcomhréir le rialacháin “EMAS”,
- seirbhísí leabharlainne, cartlainne agus bainistíochta eolais ardcháilíochta a sholáthar,
- a áirithiú go bhfuil bonneagar na bhfoirgneamh, na córais agus seirbhísí TF agus na beartais um chartlannú ag comhlíonadh ceanglais na rialachán atá i bhfeidhm,
- pleanáil bhuiséadach gníomhaíochtaí a áirithiú agus cumhachtaí oifigeach údarúcháin trí fhotharmligeán a fheidhmiú maidir le caiteachas a bhaineann le gníomhaíochtaí na stiúrtóireachta, i gcomhréir leis na rialacháin airgeadais, go háirithe a mhéid a bhaineann le soláthar poiblí,
- nuálaíocht a spreagadh, tástáil a éascú, agus cur chun feidhme seirbhísí digiteacha nua do phostanna iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta a stiúradh,
- faireachán a dhéanamh ar chórais inmheánacha rialaithe agus bainistíochta na Stiúrtóireachta,
- ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid sna comhlachtaí idir-institiúideacha atá dírithe ar TF, foirgnimh agus saoráidí, an comhshaol, leabharlann agus cartlanna, agus teicneolaíocht le haghaidh iniúcháireachta.

A bhFUIL Á LORG AGAINN

I. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

1. Coinníollacha earcaíochta

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní foláir do na hiarrthóirí, ar dháta a n-iarratais:

- a bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,
- a gcearta iomlána mar shaoránach a bheith á dteachtadh acu,

⁽¹⁾ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:01962R0031-20220101&qid=1612273468772&from=EN>

- aon oibleagáid a chuirtear orthu leis na dlíthe earcaíochta a bhaineann leis an tseirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu, agus
- na riachtanais charachtair a theastaíonn do na dualgais atá i gceist a shásamh.

2. Cáilíochtaí

I gcomhréir le hAirteagal 5 de na Rialacháin Foirne:

- (i) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma nuair is 4 bliana nó níos mó atá sa ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile; nó
- (ii) leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile a bheith críochnaithe agus é sin á fhianú le dioplóma mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí de 1 bhliain amháin ar a laghad nuair is 3 bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse d'oideachas ollscoile; nó
- (iii) sa chás go bhfuil bonn cirt leis chun leasa na seirbhíse, oiliúint ghairmiúil ar leibhéal coibhéiseach.

3. Taithí ghairmiúil

Taithí ghairmiúil 18 mbliana ar a laghad ó fuarthas an cháilíocht thuas agus lena n-áirítear 4 bliana ar a laghad ag bainistiú idir acmhainní daonna agus acmhainní buiséadacha ⁽²⁾.

4. Eolas ar theangacha

Ós rud é gurb iad an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla oibre na Cúirte, tá eolas an-mhaith ar cheann de na teangacha sin ag teastáil (leibhéal C1 ar a laghad sa tuiscint, sa labhairt agus sa scríobh), chomh maith le heolas maith ar an teanga eile (leibhéal B2 ar a laghad sna catagóirí céanna).

Iarrtar ort a chur in iúl i do CV an leibhéal teanga de réir na samhla measúnaithe seo a leanas: <https://europa.eu/europass/ga/common-european-framework-reference>

II. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

1. Sárchumas maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha a chur ar bun agus a bhaint amach chun dul chun cinn tionscadal casta a bhainistiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu
2. Sárscileanna sna réimsí seo a leanas: pleanáil agus cur chun feidhme buiséadach; agus bainistiú conarthaí
3. Sárchumas ó thaobh foirne ilteangacha agus ilchultúrtha a stiúradh agus a spreagadh, ó thaobh an cumas atá i ndaoine a aithint agus deis a thabhairt dóibh lántairbhe a bhaint as an gcumas sin, agus ó thaobh coimhlint a bhainistiú
4. Díriú láidir ar sheirbhís, le cumas chun feacht agus toiliú a léiriú chun freagairt ar riachtanais, ceanglais agus ionchais na heagraíochta
5. Sárscileanna cumarsáide
6. Tuiscint láidir ar stuaim agus taidhleoireacht, le cumas chun sárchaidreamh le geallsealbhóirí a chothú agus a chothabháil
7. Sárscileanna idirbheartaíochta
8. Beidh taithí ar fhoirgnimh agus saoráidí a bhainistiú ina bhuntáiste
9. Beidh taithí láidir i réimse TF ina bhuntáiste

NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 31-2022 ón gCúirt maidir leis na nósanna imeachta chun príomhbhainisteoirí agus príomhstúirthóirí a roghnú, cuirfear bord réamhroghnúcháin ⁽³⁾ ar bun.

⁽²⁾ Taithí ar acmhainní daonna a bhainistiú, ní mór go n-áireofar leis sin, mar aon le comhordú ar fhoireann amháin nó níos mó, aiseolas foirmiúil a thabhairt agus measúnuithe feidhmíochta foirne a dhéanamh, agus freagracht as forbairt ghairmiúil na foirne. Is é atá i gceist le hacmhainní buiséadacha a bhainistiú ná a bheith ceaptha go foirmiúil chun buiséad a bhainistiú agus a chur chun feidhme.

Ní mór d'iarrthóirí fianaise a thabhairt gur bhainistigh siad idir acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais ar feadh 4 bliana ar a laghad, ar leithligh nó ag an am céanna.

⁽³⁾ Cuirfear comhdhéanamh an bhoird réamhroghnúcháin in iúl do gach iarratasóir in am thrátha.

I. TRÁTHCHLÁR SEALADACH

Seiceáil incháilitheachta:	lár mhí na Nollag 2022
Gearrliosta:	faoi dheireadh mhí Eanáir 2023
Measúnú scríofa:	lár mhí Feabhra 2023
Agallamh:	deireadh mhí Feabhra 2023
Ceapachán ionchasach:	lár mhí an Mhárta 2023

II. INCHÁILITHEACHT

Déanfaidh an bord réamhroghnúcháin measúnú ar incháilitheacht na n-iarratasóirí go léir ar bhonn na gceithre chritéar incháilitheachta atá leagtha amach faoin gceannteideal “A bhfuil á lorg againn”.

III. RÉAMHROGHNÚCHÁN

Déanfaidh an bord réamhroghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí, ar thaití ghairmiúil agus ar scileanna gach iarrthóra atá **incháilithe** bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh tugtha acu ina n-iarratas, agus cuirfear na hiarratais i gcomparáid le chéile.

Ag an gcéim seo den nós imeachta roghnúcháin, is iad critéir 1-6 agus 8-9, agus iadsan amháin, a bheidh mar bhunús do mheasúnú an bhoird.

Ós rud é go bhfuil an chéad roghnúchán seo bunaithe ar mheasúnú comparáideach ar thuilleanais an duine aonair, ní bheidh gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir fhoriomlána atá leagtha amach san fhógra folúntais seo, agus a mbeidh a n-iarratas á mheas ag an mbord le linn an mheasúnaithe ar na hiarratais, in ann dul ar aghaidh go huathoibríoch chuig an gcéad chéim eile den nós imeachta.

Bunaithe ar an measúnú comparáideach sin, cuirfidh an Bord na **8 (ocht)** ⁽⁴⁾ **n-iarrthóir is oiriúnaí** ar ghearrliosta.

IV. ROGHNÚCHÁN

Déanfaidh an bord na hiarrthóirí ar an ggearrliosta a mheasúnú bunaithe ar agallamh agus ar mheasúnú scríofa (féach na critéir roghnúcháin thuas).

Déanfaidh an bord critéir roghnúcháin 1-7 a mheas sa mheasúnú scríofa.

Déanfaidh an bord na critéir roghnúcháin go léir a mheas le linn an agallaimh.

Úsáidfear torthaí an agallaimh agus an mheasúnaithe scríofa chun an t-iarrthóir nó na hiarrthóirí a mheastar is fearr atá cáilithe don phost a shainaithint.

Bunaithe ar thuarascáil an bhoird réamhroghnúcháin, déanfaidh an Chúirt cinneadh a ghlacadh chun aon iarrthóir amháin a cheapadh. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh agallamh breise a bheith sa chéim seo le Comhaltaí na Cúirte.

IARRATAIS

Is é an 5 Nollaig 2022 ar 12:00 (meán lae) am Lár na hEorpa an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Ní foláir an t-iarratas a dhreachtú i mBéarla nó i bhFraincis agus is é **an t-aon bhealach** lena chur isteach ná **tríd an bhfhoirm ar líne** atá ar fáil ag bun an fhógra folúntais (**EN nó FR**) ar an leathanach Deiseanna Fostaíochta ar shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí (faoi “Open positions” [Poist oscailte]): <https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/JobOpportunities.aspx>

Caithfidh na doiciméid seo a leanas, **arna ndreachtú i mBéarla nó i bhFraincis**, a bheith san iarratas:

- litir inspreagtha (**ceithre leathanach ar a mhéad**),
- CV atá cothrom le dáta (**seacht leathanach ar a mhéad**), agus b'fhearr dá mbeadh sé leagtha amach i bhformáid Europass (féach <https://europa.eu/europass>).

Diúltófar d'iarratais nach gcloíonn go docht leis na treoracha seo.

Is ar bhonn na faisnéise a thugtar sna doiciméid sin, agus ar an mbonn sin amháin, a dhéanfaidh an bord réamhroghnúcháin na hiarratais a mheas. Féadfaidh an coiste a iarraidh ar iarrthóirí fianaise thacaíochta a sholáthar do na ráitis atá déanta ina n-iarratais acu. Mura gcuireann iarrthóirí an fhianaise sin ar fáil nuair a iarrtar é sin, diúltófar dá n-iarratas.

⁽⁴⁾ Ar choinníoll gur ann do dhóthain iarrthóirí incháilithe.

Chun a chinntiú go bhfuil d'iarratas déanta in am, molaimid go láidir duit gan cur isteach an iarratais a fhágáil go dtí cúpla uair an chloig roimh an sprioc-am. Tarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear ró-ualach ar an gcóras de réir mar a bhíonn an sprioc-am ag teannadh.

BEARTAS EARCAÍOCHTA

I gcomhréir le beartas na Cúirte maidir le hÉagsúlacht & Cuimsiú agus le hAirteagal 1 d de na Rialacháin Foirne, is mór ag an gCúirt an éagsúlacht agus cuireann sí comhionannas deiseanna chun cinn. De bhun Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, glacaimid le hiarratais gan idirdhealú ar fhoras ar bith agus tá bearta déanta lena chinntiú go bhfuil cóimheá chothrom ann idir fir agus mná ó thaobh na hearcaíochta de. Mar gheall ar an líon íseal ban ar leibhéal na bainistíochta, **chuirfeadh an Chúirt fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná ar an bpost seo**. Sa chás gurb ionann cáilíochtaí nó fiúntas d'fhear agus do bhean, is í an bhean a roghnófar. Ina cheann sin, déanaimid bearta d'fhonn réiteach a dhéanamh idir an saol oibre agus saol an teaghlaigh.

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait (de bharr bac nó míchumas ar leith) chun gur féidir leat páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, seol ríomhphost luath go maith, le do thoil, chuig ECA-Selection@eca.europa.eu.

COSAINT SONRAÍ

Tá an Chúirt tiomanta dá chinntiú go ndéanfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an ráiteas príobháideachais ar leith atá againn don earcaíocht ag an seoladh seo a leanas: https://www.eca.europa.eu/Lists/ECADocuments/Specific_Privacy_Statement_vacancies/Specific_Privacy_Statement_vacancies_EN.PDF

IARRATAÍ AR ATHMHACHNAMH — GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC — GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má mheasann tú, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, gur glacadh cinneadh i do leith atá mícheart, tá na roghanna seo a leanas ar fáil duit, san ord atá sonraithe:

I. A IARRAIDH AR AN mBORD ROGHNÚCHÁIN ATHMHACHNAMH A DHÉANAMH AR AN gCINNEADH

Féadfaidh tú iarraidh réasúnaíthe i scríbhinn a chur isteach ina n-iarrrat athmhachnamh a dhéanamh ar chinneadh atá déanta ag an mbord réamhroghnúcháin. Ní foláir an iarraidh sin a sheoladh, laistigh de 10 lá féilire ó fhógairt an chinnidh, chuig ECA-Recours@eca.europa.eu. I gcás inar lá saoire poiblí, Domhnach nó Satharn é an lá deireanach, críochnóidh an tréimhse nuair a bheidh an uair an chloig dheireanach den lá oibre ina dhiaidh sin caite.

II. GEARÁIN

Faoi Airteagal 90(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú gearán i scríbhinn a chur isteach in aghaidh chinneadh na Cúirte diúltú do d'iarratas. Ní foláir é sin a dhéanamh laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh sin, agus an gearán a chur chuig an seoladh seo:

An tArdúnáí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 Lucsamburg
LUCSAMBURG

III. ACHOMHAIRC BHREITHIÚNACHA

Faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh tú achomharc in aghaidh cinneadh diúltú do do ghearán, sa mhéid go ndéanann an cinneadh sin dochar duit, a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is dlíodóir a caithfidh caingean den sórt sin a thionscnadh, agus beidh sé sin le déanamh laistigh de 3 mhí ó fhógra a fháil faoin gcinneadh diúltú don ghearán.

IV. GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist leis an gcaoi ar dhéileáil Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le d'iarratas, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach, ach teagmháil a bheith déanta ar dtús leis an gCúirt agat d'fhonn an díospóid a réiteach. Beidh ort do ghearán a chur isteach i scríbhinn, agus é sin a dhéanamh laistigh de 2 bhliain tar éis duit eolas a fháil ar na fíorais ábhartha. Tá foirm ghearán ar líne le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh. Fiú má dhéantar gearán leis an Ombudsman Eorpach, ní dhéanfar na sprioc-amanna don achomharc atá luaite thuas a chur ar fionraí.

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA